



Seoladh Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Seoladh Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Tá bród ar Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Chathair Bhaile Átha Cliath seoladh Choláiste nua Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath a fhógairt.

Tá breis is 30,000 foghlaimoir ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, is é sin 12,000 mac léinn lánaimseartha agus 18,000 mac léinn páirtaimseartha. Beidh an Coláiste ag feidhmiú thar ceithre champas comhtháite atá suite go straitéiseach ar fud na cathrach. Cuirfear gach cúrsa ar fáil i gceann de dheich sain-dámh. Mar chuid de bhranda nua Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, tá na hionaid Breisoideachais agus Oiliúna go léir atá ann cheana féin á n-athainmniú chun a n-ailíniú sa struchtúr nua a léiriú.

Is cloch mhíle shuntasach é an forbairt seo i bhforbairt Breisoideachais agus Oiliúna i mBaile Átha Cliath, lena bhfuiltear ag neartú cur chuige comhtháite, dírithe ar an bhfoghlaimoir a thacaíonn le héascaíocht rochtana, dul chun cinn, solúbthacht, agus ardcaighdeán i dtaca le haistear iomlán an fhoghlaimeora.

Campais Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Tá Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath anois ag feidhmiú ar fud ceithre champas straitéiseacha sa chathair, ina soláthraítear raon cuimsitheach clár lena n-áirítear cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, printíseachtaí, cúrsaí

oiliúna, Ógtheagmháil, agus deiseanna eile breisoideachais agus oiliúna d'uasailiúint do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon.

Déantar soláthar Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath go léir a chur ar fáil anois ar na campais seo a leanas:

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, An Campas Thiar Thuaidh

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, An Campas Thoir Thuaidh

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, An Campas Thiar Theas

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, An Campas Láir

I dteannta leis an athrú seo, tá gach ionad Breisoideachais agus Oiliúna atá ann cheana féin athainmnithe chun a n-ailíniú nua campais a léiriú.

[Cliceáil [here](#) chun suíomhanna nua champas Choláiste

Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath a fheiceáil.]

Struchtúr Nua Deich nDámh

Leis an aistriú go samhail bunaithe ar dhámha, cuirfear conairí níos soiléire ar fáil d'fhoghlaimeoirí, déanfar ailíniú níos fearr le riachtanais fiontraíochta, agus cuirfear rochtain níos comhsheasmhaí ar fáil ar sholáthar ardchaighdeán. Is iad seo a leanas na deich ndámh:

- Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí & na Meán Cruthaitheach
- Dámh an Ghnó, Riaracháin agus DLí
- Dámh an Oideachais Aosaigh & Pobail
- Dámh na hInnealtóireachta, Déantúsaíochta agus Tógála
- Dámh an tSláinte agus na Folláine
- An Dámh Ríomhaireachta, Cúrsaí Digiteacha agus Sonraí
- Dámh na nEolaíochtaí Nádúrtha
- Dámh na Talmhaíochta
- An Dámh Turasóireachta, Fáilteachais agus Seirbhísí
- Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta, na hIriseoireachta agus na Faisnéise

Leis an struchtúr seo, neartaítear próisis acadúla agus dearbhaithe cáilíochta agus, ag an am céanna, cuirtear feabhas ar an gcumas atá ionainn cláir ábhartha, dírithe ar an todhchaí a chur ar fáil lena bhfreagraítear do riachtanais scileanna gheilleagar agus

shochaí Bhaile Átha Cliath.

Ionchuimsiú, Rannpháirtíocht Fostóirí, agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Le seoladh Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, léirítear an tiomantas leanúnach atá againn d'oideachas agus oiliúint ionchuimsitheach inrochtana lena gcuirtear ar chumas foghlaimeoirí lán a n-acmhainneacht a bhaint amach le foghlaim ar feadh an tsaoil. Trí Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, tá sé mar aidhm againn ár rannpháirtíocht le pobail áitiúla a dhoimhniú agus comhoibriú le fostóirí, fiontair agus páirtithe leasmhara a fheabhsú chun bealaí soiléire dírithe ar ghairm a sholáthar.

Teachtaireacht ón Lucht Ceannais i mBord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Ag labhairt dó ar an seoladh, is éard a dúirt an Dr. Christy Duffy, Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath:

“Is coláiste mór é Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, a bhfuil breis is 30,000 foghlaimeoir aige, agus le seoladh an Choláiste nua, déanfar níos éasca é d'fhoghlaimeoirí an raon ollmhór cúrsaí a chuirimid ar fáil ar fud na cathrach a fheiceáil go soiléir. Leis an tsamhail nua campais agus an struchtúr dámh, cuirfear feabhas ar sheachadadh acadúil agus cuirfear borradh leanúnach faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim.

Neartaítear leis freisin an cumas atá ionainn comhpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh le fostóirí agus pobail, chun a chinntiú go mbeidh lucht Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ag leanúint de bheith ag freastal ar riachtanais cathrach atá bríomhar agus forásach.”

Chuir John Moriarty, Stiúrthóir Claochlaithe & Eolais (Breisoideachas agus Oiliúint), Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, leis an méid sin, nuair a dúirt sé:

“Is ionann an athbhrandáil seo agus tús le ré nua spreagúil do Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, trína neartófar an tiomantas atá againn don fheabhas acadúil, do rath na bhfoghlaimeoirí, agus do rannpháirtíocht pobail.”

CRÍOCH

Teagmháil: Ceann Cumarsáide Bhord Oideachais agus Oiliúna

Chathair Bhaile Átha Cliath Emma Parkin 086 191 6160

Ríomhphost: pr@cdetb.ie

Nótaí d'Eagarthóirí:

Tá [Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath](#) ina chloch choirnéil don oideachas sa phríomhchathair le beagnach 100 bliain anuas. Is éard atá i seoladh Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath ná an chéim is déanaí sa turas sin, lena bhfuilimid ag nuachóiriú ár gcur chuige agus ag an am céanna ag fanacht dílis dár misean oideachas agus oiliúint ardchaighdeán phoiblí a sholáthar.

Déanaimid é seo trí Scoileanna Náisiúnta Pobail, Scoileanna Speisialta Pobail, Scoileanna Ospidéal Pobail agus 11 Coláiste Pobail a reáchtáil ar fud na cathrach. Tá breis is 30,000 foghlaimeoir ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, is é sin 12,000 mac léinn lánaimseartha agus 18,000 mac léinn páirtaimseartha, agus feidhmíonn sé ar fud ceithre champas comhtháite atá lonnaithe go straitéiseach ar fud na cathrach, áit a gcuirtear gach cúrsa ar fáil i gceann de dheich sain-dámh.

Táimid freagrach freisin as SUSI, an t-údarás náisiúnta dámhachtana do dheontais do mhic léinn in Éirinn. Tacaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú Seirbhísí Óige i gcathair Bhaile Átha Cliath agus is é an príomhpháirtí é in Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tacaítear leis an soláthar seo le raon seirbhísí lena n-áirítear seirbhís síceolaíochta, aonad forbartha curaclaim, aonad caipitil agus cothabhála foirgneamh agus foireann riaracháin Cheanncheathrú i nDroichead na Dothra.